

FÍOR LÁIR.

San áit a mbéarfar an seachtmhadh searrach buineann agus gan aon searrach feireann a bheith idir iad ag an máthair fásann an tseamhair Mhuire san áit sin. Fíorláir an searrach sin níl rud ar bith ag cinnt uirthe níl spiorad ná rud ar bith malluighthe indon tigheacht có fada léithe. Tá léim agus luas mór fearr ná aon chapall eile aice níl tada ag cinnt uirthe, ar nós Choiligh Mhárta.

9/11/31.